



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála (SILC) Torthaí 2014

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 26ú Samhain 2015

Is suirbhé teaghlaigh é an Suirbhé ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála (SILC) in Éirinn a chumhdaíonn réimse leathan saincheisteanna I ndáil le hioncam agus coinníollacha maireachtála. Tá sé ar an bpríomhfhoinsé sonraí ar ioncam teaghlaigh agus aonair agus lena chois sin soláthraíonn sé roinnt príomh-tháscairí náisiúnta na bochtaineachta, cosúil leis an ráta 'I mbaol na bochtaineachta', an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí agus rátaí na díothachta forghníomhaí. Tugtar achoimre anseo thíos ar phríomhthorthaí de chuid suirbhé 2014, I dteannta le torthaí inchoimparáide ó bhlianta roimhe seo:

Tábla A Achoimre na bpríomhthorthaí

	2009	2010	2011	2012	2013	2014
Ioncam	€	€	€	€	€	€
Ioncam ainmniúil - Ioncam indiúscartha coibhéiseach in aghaidh an duine aonair						
Airmheán	20,107	18,591	18,148	17,702	17,551	18,210
Meán	23,326	22,138	21,440	20,856	21,106	21,718
Tairseach i mbaol na bochtaineachta (60% d'ioncam airmheáin)	12,064	11,155	10,889	10,621	10,531	10,926
Ioncam iarbhir¹ - Ioncam indiúscartha coibhéiseach in aghaidh an duine aonair						
Airmheán	20,107	19,273	18,555	17,702	17,374	17,977
Meán	23,326	22,950	21,920	20,856	20,893	21,440
Tairseach i mbaol na bochtaineachta (60% d'ioncam airmheáin)	12,064	11,564	11,133	10,621	10,425	10,786
Rátaí bochtaineachta & díothachta	%	%	%	%	%	%
Ráta I mbaol na bochtaineachta	14.1	14.7	16.0	16.5	15.2	16.3
Ráta díothachta ²	17.1	22.6	24.5	26.9	30.5	29.0
Ráta díothachta dóibh siúd atá i mbaol na bochtaineachta	38.8	42.9	43.2	46.8	53.9	49.3
Ráta na bochtaineachta comhsheasmhaí	5.5	6.3	6.9	7.7	8.2	8.0
Táscairí comhionannais ioncaim						
Comhéifeacht Gini (%)	29.3	31.4	31.1	31.2	31.3	31.8
Ioncam cóimheas sciar na cúigile	4.3	4.8	4.9	5.0	4.8	5.0

¹ Bonn bhliana díbhóisceoir 2012

² Braitheadh dhá chineál díothachta forghníomhaí nó níos mó

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12 X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555



information@cso.ie
www.cso.ie

Achoimre ar phríomhthorthaí

- ◆ I 2014 b'ionann an ioncam ainmniúil indiúscartha coibhéiseach bliantúil airmheáin agus €18,210. Léirigh sé seo meadú de 3.8% ar luach ainmniúil na bliana 2013 de chuid €17,551, athrú atá suntasach ar bhonn staidrimh. B'ionann ioncam iarbhír indiúscartha coibhéiseach bliantúil airmheáin i 2014 agus €17,977. Sin meadú de 3.5% ar fhiúir na bliana 2013. Tá an t-athrú seo suntasach ar bhonn staidrimh freisin.
- ◆ B'ionann comhéifeacht Gini i 2014 agus 31.8%, figiúr gan athrú suntasach ar bhonn staidrimh ar fhiúir na bliana 2013 (31.3%). B'ionann cóimheas sciar na cúigile i 2014 agus 5.0 i gcomparáid le figiúr de chuid 4.8 i 2013. Ní raibh an t-athrú seo suntasach ar bhonn staidrimh ach oiread.
- ◆ I 2014, b'ionann an ráta i mbaol na bochtaineachta agus 16.3%, i compaireád le 15.2% i 2013. Figiúr gan athrú suntasach ar bhonn staidrimh é seo.
- ◆ Bhraith 29.0% den daonra díothacht fhorghníomhach i 2014, síos ó 30.5% in 2013. Ní raibh an t-athrú seo suntasach ar bhonn staidrimh.
- ◆ B'ionann an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí agus 8.0% i 2014, rud nach athrú suntasach ar bhonn staidrimh é ar fhiúir na bliana 2013 de chuid 8.2%.

Le haghaid a thuilleadh faisnéise téigh i mbun teagmhála le Hilda McCarthy ar 021 4535084 nó Patrick Foley ar 021 4535012, nó trí mheán rphoist ag Hilda.McCarthy@cso.ie, Patrick.Foley@cso.ie